An tUachtarán Barack Obama insealbhaithe don dara téarma

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi insealbhú Barack Obama. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat míniú na dtéarmaí / bhfrásaí Gaeilge seo a aimsiú?

babhta	meastar	misneach na tíre
sluaite		beatha
go leor béime	an t-easnamh	dúshlán

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mhír uair amháin eile agus féach ar na habairtí seo a leanas. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

(a) Bhí níos mó ná milliún duine i láthair ag searmanas poiblí d'insealbhú an Uachtaráin, Barack Obama.

(b) D'fhreastail an tUachtarán Obama agus a theaghlach ar shearmanas eaglaise ar maidin.

(c) Thosaigh daoine ag bailiú le chéile ar na sráideanna go luath ar maidin.

(d) Ní raibh ach polaiteoirí an Pháirtí Dhaonlathaigh (Páirtí Obama) i láthair.

(e) Ghlac an tUachtarán Obama mionn oifige dhá uair i mbliana.

Ceist 3 Éist leis an mhír uair amháin eile gan féachaint ar nótaí ar bith. Déan cur síos don duine in aice leat ar an méid a thuig tú.

Ceist 4. …don dara téarma…'

(a) Féach ar na rialacha a bhaineann leis na horduimhreacha sa tábla thíos. Plé leis an duine in aice leat iad:

	Focail dar tús guta: e.g. alt	**Focail dar tús consan (seachas dts)** e.g. 'cúrsa'	**Focail dar tús na gconsan d,t,s** e.g. an 'teach'
An chéad	alt (gan athrú)	c**h**úrsa (séimhítear an consan)	teach (gan athrú)
An dara - an deichiú	**h**alt (cuirtear h roimh an nguta)	cúrsa (gan athrú)	teach (gan athrú)

(b) Cuir na horduimhreacha 1-10 roimh na hainmfhocail seo a leanas:

	urlár	**maidin**	**duine**
An chéad	*urlár*		
An dara	*hurlár*		
An tríú			
An ceathrú			
An cúigiú			
An séú			
An seachtú			
An t-ochtú			
An naoú			
An deichiú			

Ceist 5 '… g**h**lac sé'

1. Bíonn séimhiú ar thúschonsan briathra san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach.

   Samplaí: **Chaith mé bliain ag obair i gCorcaigh.**
   Cheannóinn carr nua dá mbeadh an t-airgead agam.

2. Bíonn séimhiú i ndiaidh **ní**, **níor**, **ar**, **nár**, **má**.

   (a) An féidir leat abairtí a chumadh leis na focail thuas chun an pointe a léiriú?

   (b) Smaoinigh siar ar chásanna atá pléite cheana a mbíonn an séimhiú i gceist. Déan liosta de na samplaí a ritheann leat.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo a leanas

- Cad a shíleann tú den Uachtarán Barack Obama?
- An bhfuil an ról céanna ag Uachtarán Mheiriceá is atá ag Uachtarán na hÉireann?
- Dá mbeifeá i do chónaí i Meiricéa, an dtabharfá do vóta do Barack Obama? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1

babhta	*time*
meastar	*it is estimated*
misneach na tíre	*morale of the country*
sluaite	*crowds*
beatha	*life*
go leor béime	*a lot of emphasis*
an t-easnamh	the deficit
dúshlán	*challenge*

Ceist 2

(a) Bréagach
(b) Fíor
(c) Fíor
(d) Bréagach
(e) Fíor

Ceist 3

Tabhair deis do na daltaí a gcur síos a dhéanamh dá chéile.

Ceist 4

(a) Tabhair am do na daltaí na rialacha a bhaineann le horduimhreacha a phlé le chéile. Cuir ceisteanna orthu le bheith cinnte go dtuigeann siad na rialacha.

(b) Tabhair orduimhreacha éagsúla do na daltaí le rá e.g. an ceathrú + maidin → an ceathrú maidin.

	urlár	**maidin**	**duine**
An chéad	*urlár*	*m**h**aidin*	duine
An dara	***h**urlár*	maidin	duine
An tríú	***h**urlár*	maidin	duine
An ceathrú	***h**urlár*	maidin	duine
An cúigiú	***h**urlár*	maidin	duine
An séú	***h**urlár*	maidin	duine
An seachtú	***h**urlár*	maidin	duine
An t-ochtú	***h**urlár*	maidin	duine
An naoú	***h**urlár*	maidin	duine
An deichiú	***h**urlár*	maidin	duine

Ceist 5

(a) Éist leis na habairtí a bheidh cumtha ag na daltaí. Cuir béim ar fhuaimniú an tséimhithe.

Ní + séimhiú e.g. Ní t**h**uigim an cheist
Níor + séimhiú e.g. Níor c**h**uala mé tú.
Ar + séimhiú e.g. Ar t**h**ug tú an t-airgead dó?
Nár + séimhiú e.g. Nár s**h**eol tú chuige an litir go fóill?
Má + séimhiú e.g. Má f**h**eiceann tú Máire, tabhair an leabhar seo di.

(b) Iarr ar na daltaí a gcuid liostaí a léamh amach. Bí cinnte go mbeidh cuid de na cásanna thíos san áireamh.

1. Má thagann an t-alt **an** roimh ainmfhocal baininscneach a thosaíonn ar chonsan (seachas **d**, **t**, **s**), beidh séimhiú ar an gconsan sin
   e.g. *bean - an b**h**ean*

2. Bíonn séimhiú ar ainmfhocal a thosaíonn ar chonsan tar éis **de** (*of*), **do** (*to/for*), **faoi** (*under/about*), **mar** (*as/like*), **ó** (*from*), **roimh** (*before*) agus **trí** (*one*) e.g. *Thug mé an t-airgead do M**h**áire.*

3. Bíonn séimhiú ar ainmfhocal a thosaíonn ar chonsan tar éis **ar** (*on*) cuid den am e.g. *Tá geansaí nua ar P**h**ádraig inniu*.

4. Bíonn séimhiú ar ainmfhocal a thosaíonn ar chonsan (seachas **d**, **t**, **s**), tar éis na n-uimhreacha **2–6** e.g. *deoch - dhá d**h**eoch*
   *carr - cúig c**h**arr*

5. Bíonn séimhiú ar ainmfhocal a thosaíonn ar chonsan (seachas **d**, **t**, **s**), tar éis an orduimhreach **céad** (*first*) e.g. *Tá Sorcha sa c**h**éad b**h**liain ar scoil.*

6. Bíonn séimhiú ar ainmfhocal a thosaíonn ar chonsan tar éis na n-aidiachtaí sealbhacha **mo** (*my*), **do** (*your*) agus **a** (*his*) e.g. *An bhfaca tú mo c**h**óta? / Cá bhfuil do t**h**each?/ Chaill sé a p**h**eann.*

7. Má thagann **droch-** roimh ainmfhocal, bíonn séimhiú ar an ainmfhocal sin má thosaíonn sé ar chonsan e.g. *drochd**h**uine / drochb**h**las.*

8. Bíonn séimhiú ar chonsain (seachas **d**, **t**, **s**) tar éis **an-**. e.g. *an-m**h**aith /an-f**h**uar*

9. Bíonn séimhiú ar chonsain tar éis **ró-** .e.g. *róm**h**ór*

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

I Stáit Aontaithe Mheiriceá tráthnóna bhí searmanas poiblí d'insealbhú an Uachtaráin Barack Obama don dara téarma in oifig. Meastar go raibh breis is leathmhilliún duine i láthair in Washington don ócáid.

Siún Nic Gearailt

Ceithre bliana[i] ón lá stairiúil sin nuair a insealbhaíodh Barack Obama, an chéad Uachtarán Meiriceánach-Afracach. Bhí na hullmhúcháin faoi lán seoil[ii] agus na céadta míle[iii] ag bailiú ar shráideanna Washington ó mhoch maidine don ócáid oifigiúil chun tús a chur leis an tarna[iv] téarma aige ina Uachtarán ar Mheiriceá. Fad is a bhí na sluaite ag bailiú in Washington chuir an tUachtarán tús leis an lá lena bhean chéile agus a mbeirt leanaí ag searmanas in eaglais Naomh Eoin sula gcuadar [v] ar ais arís go dtí an dTigh[vi] Bán. Ar feadh na maidine, bhí Iar-Uachtaráin, Jimmy Carter agus Bill Clinton, le feiscint[vii] anseo chomh maith le polaiteoirí go deimhin, ón dá thaobh agus go leor eile ag bailiú don ócáid.
Tráthnóna, lena bheirt iníon agus a bhean chéile lena thaobh, ghlac an tUachtarán mionn a oifige don tarna babhta laistigh de cheithre huaire fichead.

Ina óráid labhair sé faoi dheich mbliana de chogaí a bheith ag teacht chun deiridh agus tús a bheith á chur le téarnamh eacnamaíochta ach go raibh cinntí[viii] deacra le déanamh chun an t-easnamh eacnamaíochta a laghdú.

Tríd is tríd, leag sé go leor béime ar an dtábhacht[ix] atá le cur le chéile, ar an dtábhacht atá le comhionannas, le beatha, saoirse agus suaimhneas an tsaoránaigh. Agus an dúshlán atá amach roimis[x] anois -misneach na tíre a ardú arís.

[i] 'Cheithre mbliana' a deirtear
[ii] 'Faoi lán tseoil' a deirtear
[iii] 'Na céadta mílte' a deirtear
[iv] 'An dara' atá sa chaighdeán
[v] 'Sula ndeachaigh siad' atá sa chaighdeán
[vi] 'Go dtí an Teach' atá sa chaighdeán
[vii] 'Le feiceáil' atá sa chaighdeán
[viii] 'Cinní' a deirtear
[ix] 'ar an tábhacht' atá sa chaighdeán
[x] 'Roimhe' atá sa chaighdeán